

Foirm Éilimh le comhlánú ag éilitheoir neamhchónaitheach
Foirm Éilimh um Aisíocaíocht Chánach do
Iontaobhais/Eastáit, Cáin Réadaithe agus Bannaí de chuid
Bhanc Uladh.
Foirm IC9



Seol an fhoirm seo ar ais chuig: An Fho-Rannóg Éileamh Idirnáisiúnta, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, An tAonach, Co. Thiobraid Árann, E45 T611, Éire. Fón: +353 1 738 3634 Ríomhphost: intclaims@revenue.ie	Sonraí an Éilitheora: (BLOCLITREACHA) Ainm Iomlán: Ainm Trádála: Seoladh: Uimhir Fóin: Ríomhphost:
Tá an spás seo le haghaidh úsáid oifigiúil amháin Uimhir an Bharántais: Suim: € Seiceáilte ag: Dáta: Ceadaithe ag: Dáta:	

Cuir tic leis an bhfoinse ioncaim chuí ar gearradh cáin ina leith nó a bhfuil ceadú le haghaidh íocaíochta gan asbhaint chánach á lorg ina leith:

Iontaobhas/Eastáit ☐ Cáin Réadaithe ☐ Bannaí de chuid Bhanc Uladh ☐

Dearbhaím go bhfuil/raibh (scrios de réir mar is cuí) mé cónaitheach in _____ (sonraigh an Tír) chun críocha an Chomhaontaithe um Chánachas Dúbailte ag Éirinn leis an tír sin le linn na bliana/ mblianta cánach inar saothraíodh an t-ioncam. Dearbhaím chomh maith go bhfuil mé i dteideal go tairbheach an ioncaim atá mar ábhar don éileamh seo agus nach bhfuair mé aon chreidmheas i leith aon cháin Éireannach a íocadh in _____ (sonraigh Tír na cónaitheachta). An tSuim a Éilítear in €: _____ i gcás aisíocaíocht a éileamh ar cháin Éireannach ar íocaíochtaí a rinneadh cheana

Síniú: _____

Dáta: _____ / _____ / _____

***Féach na nótaí lastall**

Déanfar na haisíocaíochtaí ar fad in **Euro**

SONRAÍ ÍOCAÍOCHTA - Comhlánaigh an chuid seo	
Ainm an Bhainc:	Ainm an Chuntais:
Seoladh:	IBAN:
	BIC:

LE COMHLÁNÚ AG NA HÚDARÁIS CHÁNACH I DTÍR DO CHÓNAITHEACHTA

Dearbhaím go bhfuil/raibh an duine aonair/chuideachta thuasluaite cónaitheach in _____ ar feadh na bliana/mblianta cánach (sonraigh an bhliain) _____ agus go bhfuil an t-ioncam lena mbaineann an t-éileamh seo faoi réir cánach faoin uimhir tagartha cánach _____

Stampa Oifigiúil

Síniú: _____ Grád: _____ Dáta: _____ / _____ / _____

Léitear na nótaí seo in éineacht leis an bhFoirm Éilimh um Aisíocaíocht Chánach i leith **Iontaobhais/Eastáit, Cáin Réadaithe agus Bannaí de chuid Bhanc Uladh.**

Foirm IC9

Céard iad na doiciméid tacaíochta atá le seoladh isteach agam le m'éileamh?

Teastaíonn na doiciméid bhreise seo a leanas nuair is cuí chomh maith nuair atá cáin a íocadh á héileamh:-

Ar Iontaobhas/Eastáit:

- Cóip de na doiciméid maidir le bunú an Iontaobhais/Eastáit, mar shampla cóip d'Uacht / Deonú Probháide / Gníomhas Iontaobhais.
- Foirm Éilimh R185 comhlánaithe ag na hlontaobhaithe. (Is ráiteas é an fhoirm éilimh R185 sa chiall gur asbhaineadh cáin ag an ráta caighdeánach ar ioncam a íocadh leis an neamhchónaitheoir).

Ar Cháin Réadaithe:

- “Comhairle maidir le hIoncam Eachtrach agus Deimhniú Cánach Éireannach” (Foirm 1 F.D.) Deimhníonn sé seo sonraí na n-íocaíochtaí díbhinne, lena n-áirítear a bhfoinse agus an tsuim cánach Éireannaí a asbhaineadh, agus **an deimhniú in éineacht** gur íocadh nó go n-íocfar leis na Coimisinéirí Ioncaim an cháin asbhainte sin. Tá an doiciméad seo arna eisiúint ag an nGníomhaireacht Réadaithe/Idirghabhálaí. (Ní gá go sonrúfaí ann an tír ina bhfuil na hurrúis bunaithe, a fhad agus atá sé soiléir gur urrúis eachtracha iad).

Ar Bhannaí de chuid Bhanc Uladh ar a dtugtar Bannaí Fo-ordaithe an Chéad Chumainn

Ghníomhaigh CPT:

- Próiseálfaidh aisíocaíocht cánach Éireannaí nuair a fhaightear an fhoirm éilimh dheimhnithe agus **dearbhaín bhunaidh an Bhanna Úis.**
- I gcás daoine aonair neamhchónaitheacha agus comhlachtaí neamhchónaitheacha a bhfuil na bannaí úis thuas acu, tá siad i dteideal, ón 1 Márta 1998, díolúine a éileamh ó cháin iarchoimeádta, ar an gcoinníoll go bhfuil siad cónaitheach i dtír a bhfuil Comhaontú um Chánachas Dúbailte acu le hÉirinn ina bhforáiltear d'fhaoiseamh den chineál sin.

I gcás cónaitheoirí SAM amháin:

Teastaíonn deimhniú cónaitheachta chun críocha cánach na Stát Aontaithe (Form 6166) i leith gach bliain a éilítear. Tá an fhoirm seo ar fáil ó The Department of The Treasury, Internal Revenue Service, Philadelphia, PA 19255, U.S.A. Logáil isteach ar **www.irs.gov** chun cur isteach ar an Form 6166.

I gcás chónaitheoirí na Spáinne amháin:

Teastaíonn deimhniú cónaitheachta (Residencia Fiscal en Espana). Tá an fhoirm seo ar fáil ó Údaráis áitiúla Chánach na Spáinne.

Nótaí Breise:

Teorainneacha Ama chun Éileamh a Dhéanamh:

Faoi Alt 17 den Acht Airgeadais, 2003, leagtar amach teorainneacha nua ama chun éilimh aisíocaíochta a thíolacadh do Choimisinéirí Ioncaim na hÉireann, is é sin ní fhéadtar éilimh a dhéanamh ach amháin **taobh istigh de 4 bliana ó dheireadh na bliana féilire inar asbhaineadh an cháin.**

An chaoi lena ndéanfar aisíocaíochtaí:

Déanfar na híocaíochtaí uile go leictreonach le Cuntas Bainc sonraithe (féach an chuid ar Leathanach 1). Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim sonraí pearsanta áirithe chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna eile Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar an leathanach **Príobháideachtas** ar **www.revenue.ie** ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.